AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD04

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Sórtálann daltaí pictiúir nó grianghraif ainmhithe isteach i ngrúpaí de réir a dtréithe. Bíonn cúnamh ar fáil ón múinteoir chun cuidiú leis an bpróiseas.

Cuspóirí
Déantar breis breathnóireachta agus aithint agus déantar ainmhithe agus plandaí a ghrúpáil agus a rangú. Spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar conas a bhíonn speicis cosúil lena chéile agus conas a bhíonn siad éagsúil óna chéile. Chomh maith le bheith ag rangú agus ag grúpáil déantar dianscrúdú agus breathnóireacht ar an nádúr go háitiúil.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Plandaí agus ainmhithe; Sórtáil dúile beo i dtacair agus cuir i ngrúpaí iad de réir gnéithe a bhíonn feiceálach.

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag sórtáil, ag aithint.

Am
30 nóiméad.

Nascadh le Scoileanna Glasa
Plandaí agus ainmhithe coitianta in Éirinn

Sórtáil é!

TRÉITHE PLANDAÍ AGUS AINMHÍ



CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Grianghraif de bhláthanna fiáine, d'fheithidí, de dhamháin alla, d'éin agus d'ainmhithe eile a bhíonn coitianta in Éirinn.

CÁ BHFAIGHIDH TÚ IAD

- Tá treoirleabhar dathúcháin d'éin choitianta agus de bhláthanna fiáine le fáil ó Stáisiún Mara Inis Arcáin (sherkinmarine@eircom.net). D'fhéadfaí roinnt a fháil do gach grúpa sa rang. Is féidir na leathanaigh a thógáil nó fótachóipeanna a dhéanamh díobh le bileoga a dhéanamh agus iad a shórtáil ansin.
- Soláthróidh irisí agus póstaeir ó ENFO pictiúir de mhamaigh fhiáine in Éirinn (ar nós an broc, an fia, an sciathán leathair, an coinín, an giorria, an easóg, an cat crainn, an vól, an luch, an t-iora rua, an t-iora glas agus an sionnach) agus d'ainmhithe clóis (ar nós an gabhar, an capall, an bhó agus an chaora).
- D'fhéadfaí pictiúir d'fheithidí a sholáthar ó na heochracha aitheantais mionainmhithe de chuid CMÉ sa phacáiste seo.

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Tabhair bailiúchán pictiúr agus grianghraf de phlandaí agus d'ainmhithe na hÉireann do gach grúpa daltaí.
2. D'fhéadfadh an chéad tasc a bheith bunaithe ar na plandaí agus na hainmhithe a shórtáil ar dtús.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD04

leanúint →

3 D'fhéadfadh na daltaí gluaiseacht ar aghaidh ansin agus iad a shórtáil de réir a dtréithe éagsúla. D'fhéadfadh sé sin a bheith bunaithe ar an líon cos a bhíonn ar ainmhí, cad a itheann sé, an cruth a bhíonn aige nó an áit a mhaireann sé.

4 Is féidir leis na daltaí na pictiúir a ghrúpáil ach a bheith in ann míniú a thabhairt ar cén fáth.

5 Ba chóir do gach grúpa an bealach a shórtáil siad na pictiúir a mhíniú agus míniú a thabhairt ar cén fáth.

6 D'fhéadfadh an múinteoir míniú conas a bhíonn ainmhithe grúpáilte faoi rangaithe níos leithne, m.sh. éin, feithidí, damháin alla, mamaigh, plandaí bláthanna agus plandaí gan bláthanna.

Ceisteanna

1 Ar chuir gach grúpa sa rang na pictiúir chéanna sna grúpaí céanna.

2 Nuair a bhíonn slabhra bia á dhéanamh, an mbíonn aon slabhra bia nach mbíonn ann ach pictiúir ó ghrúpa ainmhithe amháin?

Ar aghaidh leat

1 Le cúnamh ó leabhair aitheantais fhiadhúlra, d'fhéadfadh daltaí ainmhithe a chur isteach i ngrúpaí níos sonraithe.

2 D'fhéadfadh daltaí iarracht a dhéanamh freisin an méid slabhraí bia agus is féidir leo a dhéanamh as na pictiúir de na plandaí agus na de hainmhithe éagsúla.

AN DÚLRA

Gníomhaíocht AD04

leanúint →

SÓRTÁIL É! NÓTAÍ BREISE DO MHÚINTEOIRÍ

Is é Carl Linnaeus a chur le chéile sna 1700aidí an córas atá ann faoi láthair chun ainmhithe a rangú. Déantar orgánaigh bheo a rangú agus a ghrúpáil de réir a dtréithe bitheolaíochta agus fiseolaíocha. Cé go bhfuil roinnt ceisteanna á gcur de bharr an méid forbairtí géineolaíochta atá déanta is é córas Linnaeus atá fós in úsáid sa lá atá inniu ann. Ainmnítear orgánaigh de réir na dtréithe a bhíonn ag an ngrúpa géineasach (genus) agus a dtréithe sainiúla (speiceas) m.sh. Homo sapiens, an duine daonna

Cuidíonn an eochair rangaithe atá ceangailte leis seo leis an smaoineamh maidir le rangú ainmhithe a léiriú. Roinntear dúile beo isteach i

- Plandaí agus ainmhithe
- Veirteabraigh (ainmhithe le cnámh droma) agus inveirteabraigh (ainmhithe gan cnámh droma)
- Veirteabraigh fuarfhuilteacha (iasc, amfaibiacha agus reiptílí) agus veirteabraigh aonteasacha (mamaigh)

Áirítear le rangú breise, aiste bia na mamach agus an fhoirm fhisiciúil a thógann inveirteabraigh (má bhíonn cosa orthu, mura mbíonn agus líon na gcos, má bhíonn sliogán nó sciatháin orthu)

Ieanúint →

RANGÚ AINMHITHE